Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.10852 - 3D SYSTEMS / DUSSUR / JV)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(2022/C 370/04)

1. An 20 Meán Fómhair 2022 fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle agus tar éis tarchur de bhun Airteagal 4(5) den Rialachán sin ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— 3D Systems, Inc. ("3DS", Stáit Aontaithe Mheiriceá), atá faoi úinéireacht 3D Systems Corporation (Stáit Aontaithe Mheiriceá) agus 3D Canada Company (Ceanada) ar deireadh,

— Saudi Arabian Industrail Investments Company ("Dussur", Ríocht na hAraibe Sádaí), atá faoi rialú comhpháirteach Public Investment Fund of Saudi Arabia agus Saudi Arabian Oil Company (Ríocht na hAraibe Sádaí)

Gheobhaidh 3DS agus Dussur comhrialú ar chomhfhiontar nuachruthaithe de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) agus Airteagal 3(4) den Rialachán um Chumaisc.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna i gcuideachta nuachruthaithe ar comhfhiontar í.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— i gcás 3DS: máthaireintiteas grúpa cuideachtaí i dtionscal an mhonaraithe shuimithigh/na priontála 3T.

— i gcás Dussur: cuideachta infheistíochta straitéisí, atá páirteach in earnálacha eacnamaíocha straitéiseacha chun tionscail ilchlaochlaitheacha a fhorbairt i ngach earnáil tionsclaíochta, lena n-áirítear seilbh, forbairt, tógáil, úsáid, cothabháil, díol, ceannach, cíos agus léasú sócmhainní inláimhsithe agus doláimhsithe atá seasta agus sochorraithe.

3. Beidh an comhfhiontar gníomhach i soláthar seirbhísí priontála 3T laistigh de Ríocht na hAraibe Sádaí den chuid is mó.

4. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Mar sin féin, forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le nós imeachta simplithe i dtaca le caitheamh le comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ([2]) ón gComhairle, ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

5. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúil a d'fhéadfadh a bheith acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.10852 - 3D SYSTEMS / DUSSUR / JV

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost, le facs nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála seo a leanas:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Facs +32 22964301

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an "Rialachán um Chumaisc").
([2]) IO C 366, 14.12.2013, lch. 5.

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË